C/2025/4677

22.8.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/4677)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Finocchio di Isola Capo Rizzuto'

Uimh. AE: PGI-IT-02650-AM02 — 29.5.2025

1. **Ainm an táirge**

'Finocchio di Isola Capo Rizzuto'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☒ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach bhfuil i gceist leo athrú ar an ainm, nach bhfuil an baol ann go gcuirfear an nasc ar neamhní leo agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ailíniú na rátála athraonmhéadraí agus iomlán na siúcraí

In Airteagal 2 den tsonraíocht táirge agus i bpointe 3.2 den doiciméad aonair, tá an rátáil athraonmhéadrach mhícheart agus an luach iomlán siúcraí ailínithe i gceart anois:

Rátáil athraonmhéadrach: ≥ 2.0°Iomlán na siúcraí Brix ≥ 2 %

Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Finocchio di Isola Capo Rizzuto’

Uimh. AE: PGI-IT-02650-AM02 — 29.5.2025

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha (ATFC nó TGFC)**

‘Finocchio di Isola Capo Rizzuto’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 07 — GLASRAÍ AGUS FRÉAMHACHA AGUS TIÚBAIR ÁIRITHE ATÁ INITE

0709 — Glasraí eile, iad úr nó fuaraithe

0709 99 — Eile

0709 99 50 — Finéal

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Leis an ainm ‘Finocchio di Isola Capo Rizzuto’ tagraítear do hibridí/cineálacha nua den speiceas *Foeniculum vulgare Mill.*, den fhospeiceas *capillaceum*, var. dulce nó azoricum, a fhástar sa limistéar críochaithe dá dtagraítear i bpointe 4 thíos.

Bunaithe ar an tréimhse fáis, aicmítear TGFC ‘Finocchio di Isola Capo Rizzuto’ mar chineál luath nó déanach, a mbíonn na saintréithe seo a leanas acu:

‘Finocchio di Isola Capo Rizzuto T.G.F.C.’ — cineál luath:

Cineálacha: ‘Guttuso’, ‘50-57’, ‘Tiziano’, ‘Michelangelo’, ‘Enea FI’, Ares F1, Zeus F1, Cartesio, SV5057FM, Ottaviano, agus Pisano;

Tréimhse buainte: ón tréimhse idir an 10 agus an 20 Deireadh Fómhair go dtí lár mhí an Mhárta;

Cuma: ceann dlúth, cruth leacaithe ag an uachtar agus ag an íochtar agus na gais ina seasamh suas díreach;

Dath: bán, féitheacha de dhath glas éadrom agus duilliúr glas;

Blas: sainiúil, an-mhilis, an-úr sa bhéal agus briosc; is éasca an filiméad a scaradh;

Dea-bholadh: sainiúil, agus dea-bholadh príomhúil láidir ann, gan mionbholaithe coimhthíocha air;

Méid: trastomhas idir 50 mm agus 150 mm;

glanmheáchan an chinn idir 200 agus 1 000 gram.

‘Finocchio di Isola Capo Rizzuto T.G.F.C.’ — cineál déanach:

cineálacha: ‘Narciso’, ‘Donatello’, ‘Tintoretto’, ‘Tiepolo’, ‘Augusto’, ‘Traiano’, ‘Bramante’, agus ‘Preludio’;

Tréimhse buainte: ó thús mhí an Mhárta go dtí lár mhí an Mheithimh;

Cuma: ceann dlúth agus cruth cruinn air;

Dath: bán an-gheal agus féitheacha de dhath glas éadrom ann;

Blas: sainiúil, an-mhilis, an-úr sa bhéal agus briosc; is éasca an filiméad a scaradh;

Dea-bholadh: sainiúil, agus dea-bholadh príomhúil láidir ann, gan mionbholaithe coimhthíocha air;

Méid: trastomhas idir 50 mm agus 150 mm;

glanmheáchan an chinn idir 200 agus 1 000 gram.

Tá na saintréithe fisiceacha, ceimiceacha agus orgánaileipteacha seo a leanas ag 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto', bunaithe ar thorthaí na dtástálacha painéil a rinneadh:

Luaith (ábhar tirim): ≤ 1,2 %

Rátáil athraonmhéadrach: ≥ 2,0°Brix

Iomlán na siúcraí ≥ 2 %

Is féidir an cineál 'mozzarella' a dhíol ina chuid bhleibíneach amháin gan na gais.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach ceann de na céimeanna táirgthe (fás, sórtáil agus pacáistiú tosaigh) a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear i bpointe 4 thíos.

3.5. ***Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

—

3.6. ***Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Chomh maith le lógó TGFC an Aontais agus an fhaisnéis a cheanglaítear faoin reachtaíocht atá i bhfeidhm, ní mór na focail 'IGP Finocchio di Isola Capo Rizzuto' agus an lógó le haghaidh an ainmniúcháin a bheith le feiceáil ar an bpacáistíocht freisin. Féach Fíor 1 thíos le haghaidh na leaganacha daite, dubh agus bán (deimhneach) agus na leaganacha dubh agus bán (diúltach). Ní mór a bheith ar an bpacáistíocht freisin an fhaisnéis uile is gá lena sainaithnítear ainm agus seoladh nó ainm cuideachta agus oifig chláraithe an táirgeora aonair nó an chomhlachais táirgeoirí agus an phacálaí. Is é seo lógó TGFC:



An leagan daite An leagan deimhneach dubh agus bán An leagan diúltach dubh agus bán

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Áirítear i limistéar táirgthe an TGFC 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' críoch riaracháin iomlán na mbardas Botricello agus Belcastro i gcúige Catanzaro agus bardais Mesoraca, Cutro, Isola di Capo Rizzuto, Crotone, Rocca di Neto agus Strongoli i gcúige Crotone.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

An t-iarratas ar fhormheas 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto', tá sé bunaithe ar an nasc idir cáilíocht an táirge mar gheall ar an limistéar geografach agus an clú atá air. An clú atá ar 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto', tá sé bunaithe ar an meascán de dhálaí agranamaíocha agus aeráide atá sa limistéar táirgeachta, rud a fhágann gur maith a oireann sé do tháirgeadh an ghlasra seo. Go sonrach, dálaí aeráide an-bhog a bhíonn ann sa gheimhreadh agus san earrach; a bhuí leis an ithir dhúrabháin ghainmhigh ag a bhfuil maoschlár atá an-ghar don dromchla, is féidir na plandaí a chur faoi strus uisce rialaithe, rud a chuireann beagán leis an tearcfhás agus leis an ábhar tirim íseal a dhéanann an finéal níos brisce agus súmhaire. Ina theannta sin, ní chuirtear aon bhac ar na bleibeanna leis an ithir scaoilte agus iad ag forbairt, rud a fhágann go mbíonn cruth foirfe ar an táirge gan aon mhíchuma ar na saintréithe cineáil. Fágann saintréithe na hithreach nach dtagann 'muiníl fhada' ach ar chéatadán beag de na bleibeanna finéil. Is éard atá i gceist leis an teicníc saothraithe trasphlandú a dhéanamh ag doimhneacht lena dtáirgtear táirge atá iomlán bán de ghnáth. Cuidíonn éadroime na hithreach leis an dara saintréith sin freisin. Mar fhianaise ar an dlúthnasc idir oiriúnacht an limistéir agus an ainmniúchán 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto', is díol spéise é an nós forleathan atá ann ceapacha agus gabháltais a ainmniú as logainmneacha clúiteacha sa limistéar. D'úsáidtí na hainmneacha sin beagnach i gcónaí chun aicmiú a dhéanamh ar na táirgí a fásadh sna limistéir sin agus bhí siad bunaithe freisin ar cé chomh rathúil a bhí táirge ar leith ar an margadh ag an am. Sin an fáth a dtugtaí 'terreni per finocchi di Isola' (talamh fhinéal Isola) ar limistéir an chósta Iónach ar an taobh ó dheas de Capo Rizzuto, agus sin ag síneadh, trí Capo Colonna (Crotone), chomh fada le cósta Strongoli Marina sa tuaisceart. Cé go bhfuil fianaise ann go bhfuil 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' á chur ar an margadh ó bhí tús an 20ú céad ann, is sa dara leath den chéad seo caite a tháinig sé chun cinn mar tháirge tábhachtach i margaí torthaí agus glasraí na hIodáile, go háirithe sa tréimhse idir mí na Samhna agus mí na Bealtaine. Deimhnítear an cháil sin, agus cuirtear treise leis, leis na himeachtaí creidimh agus na himeachtaí a bhaineann le fíon agus bia, agus leis na féilte áitiúla atá ar siúl ar feadh roinnt blianta anois in Piazza del Popolo, áit atá i gcroílár bhaile Isola di Capo Rizzuto. Ba cheart tagairt a dhéanamh freisin d'fhéilte 'Ortomercato' [Margadh Glasraí] a reáchtáladh an 1 Bealtaine 1991 agus 1992 chun táirgí áitiúla a chur chun cinn, lena n-áirítear 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' a fhástar sa bhardas, chomh maith leis na féilte a bhí tiomnaithe do 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' amháin a reáchtáladh an 27 Márta 1983 agus an 1 Aibreán 1984. I gcomhthráth leis an gceiliúradh in ómós do 'Madonna Greca' [Maighdean Mhuire na Gréige], naomhphátrún Isola Capo Rizzuto, tá 'Festa degli Agricoltori' [Féile na bhFeirmeoirí] á reáchtáil ó bhí deireadh na 1990í ann. Léirítear leis sin a thábhachtaí atá an táirge sa chríoch a mheastar a bheith an-oiriúnach chun 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' a tháirgeadh. Imeacht bliantúil rialta anois idir deireadh mhí Aibreáin agus tús mhí na Bealtaine is ea an t-imeacht athsheolta 'Sagra del Finocchio di Isola Capo Rizzuto' [Féile 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto'], imeacht ar chuir mórmheáin chumarsaide na hIodáile spéis ann go fiú. Mar shampla, bhí féile an 28 Aibreán 2018 sa chraoladh teilifíse 'Ricette all'italiana' (oidis Iodálacha) ar chainéal náisiúnta Rete 4 agus i bhféile an 11 Bealtaine 2019, is d'aon ghnó a úsáideadh an téarma 'Finocchio d'ORO' [Finéal Órga], arb é a thuigtear leis 'il tesoro di Isola di Capo Rizzuto' (seoid Isola di Capo Rizzuto) (11 Bealtaine 2019, Palazzo Vescovile, Isola di Capo Rizzuto)'. [2.5.2022 IT *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* C 179/21] Deimhniú eile a chuireann le cáil 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' thar thréimhse is faide ná 30 bliain is ea gur roghnaigh an tionscnamh 'Fresco di Legalità' (Úr agus Dlíthiúil), a eagraíodh in 2009, an táirge céanna mar shiombail a fásadh agus a buanadh ar thalamh a fuarthas ar ais ón 'Ndrangheta i mbardas Isola Capo Rizzuto. Eagraíodh an tionscnamh le Associazione Libera Terra (An Comhlachas um an Talamh a Aisghabháil) comhlachas arna bhunú ag sagart darb ainm Don Ciotti i gcomhar le Maoracht Crotone agus Deoise Crotone – Santa Severina le tacaíocht ón Confederazione Italiana Agricoltori (Cónaidhm Fheirmeoirí na hIodáile), COPAGRI (Cónaidhm na dTáirgeoirí Talmhaíochta), ACLI Terra (Comhlachas Oibrithe Críostaí na hIodáile – Talamh), CONFAGRICOLTURA (Cónaidhm Ghinearálta um Thalmhaíocht na hIodáile) agus COLDIRETTI (Cónaidhm Náisiúnta na Saothróirí Díreacha). Comhartha eile ar an aitheantas atá faighte ag an táirge is ea an fíoras go bhfuil praghsanna 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' níos airde ná finéal cineálach, fiú ar an margadh mórdhíola. Deimhnítear an cháil atá ar 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' freisin leis an mblas atá air agus leis na saintréithe orgánaileipteacha atá ann. Rinneadh tástálacha céadfacha an 8 Bealtaine 2017 agus an 11 Meitheamh 2020 ag an tsaotharlann pH S.r.l in Tavernelle (Flórans) chun na comhpháirteanna orgánaileipteacha/céadfacha de 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' a chinneadh. Is é an tuairisc a thug an painéal saineolaithe ar an bhfinéal go bhfuil 'dea-bholadh príomhúil sainiúil agus láidir air gan mionbholaithe coimhthíocha [...] ar gnách blas an-mhilis a bheith air, an-úr sa bhéal agus briosc'. Luaitear na saintréithe orgánaileipteacha sin freisin in alt le Franco Laratta, a foilsíodh in eagrán an 6 Márta 2020 den irisleabhar 'Il Crotonese' a thagann amach uair sa choicís. De réir an údair, tá dea-bholadh marthanach agus blas do-dhearmadta ag 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' agus is saintréith den tírdhreach é a bholadh sna goirt ar bhealach uathúil allabhrach. Tá a sciar den mhargadh fós ag 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto', sciar den mhargadh a treisíodh leis an dea-cháil atá ar a ainm agus ar a stair. Comhábhar lárnach in oidis thraidisiúnta go leor sa limistéar is ea 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto', a bhfuil clú air i measc cócairí agus saineolaithe gastranamaíochta mar gheall ar a bhlas sainiúil agus ar an méid feidhmeanna cócaireachta atá aige (é úr nó bácáilte, i milseogra nó i dtorthaí leasaithe, etc.) Ar na blaganna cócaireachta is mó a bhfuil tóir orthu ar an idirlíon tá oidis *gourmet* le fáil ina n-áirítear go sainráite 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' i measc a gcomhábhar.

Léirítear sna blaganna sin conas na hoidis seo a ullmhú, céim ar chéim, go háirithe *velouté* 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto'. Luaitear ar an gclár teilifíse 'A casa tua in tour' agus Anna Aloi sa phríomhpháirt in 2017 (an cainéal YouTube 'IGB A CASA TUA' anois) an 'Zuppa speziata di cannellini e finocchi di Isola Capo Rizzuto', anraith spíosrach déanta le pónairí *cannellini* agus 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto'. Tá oidis freisin ar chuntais meán sóisialta atá ag cócairí a bhfuil réalta Michelin acu (Giuseppe Romano, Antonio Biafora, Antonio Abbruzzino), a roghnaigh 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' mar cheann de na comhábhair le haghaidh cuid dá n-ullmhóidí, agus is iad 'Rognone, finocchio di Isola Capo Rizzuto e anice stellato' (duáin, 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' agus réalt-ainís) agus 'Animella, acciughe e Finocchio di Isola Capo Rizzuto' (briseán milis lao, ainseabhaithe agus 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto') cinn a sheasann amach. Tá an iliomad tagairtí in irisí agus/nó i bhfoilseacháin freisin (sliocht as Treoir Bia agus Fíona de chuid na hirise 'Touring Club Italiano' an 28 Samhain 2006, 'A tavola tra Storia e Leggenda' [An an mbord le scéalta agus finscéalta] ó Bhord Turasóireachta réigiún Calabria, chomh maith le cláir teilifíse aitheanta ar nós 'L'ingrediente perfetto' (An Comhábhar Foirfe) ar an gcainéal teilifíse náisiúnta La7 a craoladh an 19 Eanáir 2020. Deimhnítear clú an ainm 'Finocchio di Isola Capo Rizzuto' leis an mbreis agus 2 000 toradh a ghineann na hinnill chuardaigh is coitianta a úsáidtear ar an idirlíon.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252Ff%252F3%252FD.fb8f4fcb07831bcb3255/P/BLOB%3AID%3D3343/E/pdf?mode=download